



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2023  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstiúideach:  
2021/0145(NLE)

---

---

8371/23  
DCL 1

LIMITE

ACP 26  
COAFR 141  
COLAC 39  
COASI 81  
WTO 51  
RELEX 466

## DÍ-RÚNAICMIÚ

ó dhoiciméad: 8371/23 RESTREINT UE/EU RESTRICTED

dar dáta: 19 Aibreán 2023

stádas nua: LIMITE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an leagan den doiciméad thuasluaite a scaoileadh ó rúnaicmiú.

Is ionann an téacs sa doiciméad seo agus an leagan roimhe sin.



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2023  
(OR. en)

8371/23

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0145(NLE)

---

RESTREINT UE/EU RESTRICTED

ACP 26  
COAFR 141  
COLAC 39  
COASI 81  
WTO 51  
RELEX 466

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltáí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

---

CINNEADH (AE) 2023/...ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh,  
agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta  
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,  
agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib  
agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal 217, i  
gcomhar le hAirteagal 218(5) agus Airteagal 218(8), an dara fomhír de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## RESTREINT UE/EU RESTRICTED

- (1) Maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus tíortha Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, agus maidir leis na forálacha den Chomhaontú sin a thagann faoi inniúlacht an Aontais, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún agus d' Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 21 Meitheamh 2018 tús a chur le caibidlíocht maidir leis na forálacha sin agus an chaibidlíocht sin a dhéanamh.
- (2) An chaibidlíocht, tugadh i gcrích go rathúil í an 15 Aibreán 2021, cé is moite den sainmhíniú ar na páirtithe.
- (3) Léiríonn an Comhaontú Comhpháirtíochta le comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin ('an Comhaontú') an dlúthchaidreamh stairiúil idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, mar aon leis na naisc atá á bhforbairt eatarthu agus atá ag dul i ndlúithe, agus léiríonn sé gur mian leo a gcaidreamh a neartú agus a leathnú a thuilleadh ar bhealach uailmhianach agus nuálach. Leis an gComhaontú sainítear as an nua an caidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, lena n-áirítear na tosaíochtaí agus na modhanna oibre sna réimsí éagsúla beartais a chumhdaítear leis an gComhaontú.

## RESTREINT UE/EU RESTRICTED

- (4) Ba cheart, an Comhaontú a shíniú agus ba cheart an Dearbhú ón Aontas a ghabhann leis maidir leis na modhanna comhair agus cur chun feidhme a fhorhmeas.
- (5) Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm go páirteach ar bhonn sealadach idir an tAontas agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, go dtí go gcomhlíonfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.
- (6) Ní dochar síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí náisiúnta ag na Ballstáit, go háirithe i réimsí an chomhair um fhorbairt, an oideachais agus na himirce, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus ní dhéanann sé difear d'fhreagrachtaí na mBallstát i gcomhréir leis na Conarthaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

## RESTREINT UE/EU RESTRICTED

### *Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir an comhaontú sin a thabhairt i gcrích<sup>1</sup>.

### *Airteagal 2*

Déanfar an Dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh<sup>+</sup> seo a fhorghnóthú thar ceann an Aontais.

### *Airteagal 3*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige (acu) an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

---

<sup>1</sup> Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in ...[cuir isteach tagairt IO].

<sup>+</sup> Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 9752/21 ADD2.

*Airteagal 4*

1. Go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, agus i gcomhréir le hAirteagal 98(4) de, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach<sup>1</sup> idir an tAontas agus Comhaltaí ESACC, a mhéid a chumhdaíonn a fhorálacha ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, lena n-áirítear ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais chun comhbheartas eachtrach agus slándála a shainiú agus a chur chun feidhme, agus a mhéid atá siad infheidhme maidir leis an Aontas.
2. D'ainneoin mír 1 den Airteagal seo, ní cuirfear an méid seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn sealadach:
  - (a) sa Chuid Ghinearálta:
    - Airteagal 12(4) agus (6), a mhéid a bhaineann sé le bailiú ioncaim cánach;
    - Airteagal 17(4), an abairt dheireanach, a mhéid a bhaineann sé le caiteachas míleata;
    - Airteagal 22(2), an tríú habairt;
    - Airteagal 29(2);
    - Airteagal 32(1), pointe (b), agus Airteagal 32(2), an abairt dheireanach;

---

<sup>1</sup> Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna gcuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## RESTREINT UE/EU RESTRICTED

- Airteagal 64(1), an abairt dheireanach;
  - Airteagal 67(2);
  - Airteagal 85(1), an chéad abairt agus Airteagal (4);
- (b) i bprótacal Réigiúnach na hAfraice:
- Airteagal 9(1), an abairt dheireanach;
  - Airteagal 58(5), an chéad abairt;
  - Airteagal 67(2), an abairt dheireanach, agus Airteagal 67(4), an abairt dheireanach;
  - Airteagal 68(4), a mhéid a bhaineann sé le córais phríosúnachta;
  - Airteagal 72(1), a mhéid a bhaineann sé le bainistiú fiachais phoiblí;
  - Airteagal 76(2);
- (c) i bprótacal Réigiúnach Mhuir Chairib:
- Airteagal 33(4);
  - Airteagal 34(2);
  - Airteagal 35, a mhéid a bhaineann sé le bainistiú fiachais phoiblí;

## RESTREINT UE/EU RESTRICTED

- Airteagal 36(3), an chéad abairt;
  - Airteagal 51(5), an chéad abairt;
- (d) i bprótacal Réigiúnach an Aigéin Chiúin:
- Airteagal 18;
  - Airteagal 26(4), a mhéid a bhaineann sé leis an méadú ar bhealaí agus ar mhinicíocht na n-aersheirbhísí;
  - Airteagal 40(3), a mhéid a bhaineann sé le córais phríosúnachta;
  - Airteagal 41(1), a mhéid a bhaineann sé le bainistiú fiachais phoiblí.
3. D'ainneoin mír 1, ní chuirfear forálacha a bhaineann le hinfheistíocht eachtrach i bhfeidhm go sealadach a mhéid a bhaineann siad le hinfheistíocht phunainne agus aon chineál infheistíochta neamhdhíri eile.
4. D'ainneoin mír 1, déanfar Cuid V den Chuid Ghinearálta den Chomhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach a mhéid go dteorannaítear forálacha na Coda sin chuig an gcríoch arb í cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe faoi mar a shainítear é sa nAirteagal seo
5. Tá cur i bhfeidhm sealadach codanna den Chomhaontú gan dochar do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

DECLASSIFIED

PUBLIC